# Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse

21–27 EANÁIR 2024

## AN CHÉADAOIN: SEIRBHÍS I MEASC PHOBAL AN TEAGHLAIGH





## **Eochairfhocail:** Teaghlach, Comhluadar, Freastal

### Réamhrá

(Is féidir an chuid seo a léamh don rang mar réamhrá sula dtabharfaí faoi na bileoga oibre a líonadh, nó an sliocht a bheith mar chuid den tseirbhís urnaí a luaitear thíos.)

Tá sé ráite ag an bPápa Proinsias go bhfuil tionchar nach beag ag athruithe sa tsochaí ar shaol an phósta agus ar theaghlaigh ar fud an domhain, agus go bhfuil iliomad géarchéim leanúnacha ag cur brú ar shaol an teaghlaigh. Molann sé mar réiteach ar an scéal, gur ceart athdhearbhú a dhéanamh faoi go bhfuil an teaghlach mar fhoinse den ord cóir sóisialta agus go bhfuil sé mar an t-aonad ríthábhachtach de shochaí an bhráithreachais, ionas go bhféadfaí aire cheart a dhéanamh den domhan mar áit chónaithe choiteann. Caithfimid an brú a bhíonn ar an teaghlach a aithint agus bealaí praiticiúla a aimsiú le maolú a dhéanamh ar an strus a bhíonn ar dhaoine. Caithfidh an phaidreoireacht agus an tseirbhís a bheith ag croílár na n-iarrachtaí praiticiúla seo. Má bhímid ag freastal ar mhaithe leis an teaghlach, beidh ar chumas an teaghlaigh freastal ar mhaithe le leas an phobail leathain.

(Tagairt: https://www.vaticannews.va/en/pope/news/2022-04/pope-francis-rediscover-the-value-of-family-life.html)

### Ceol

Baineann na píosaí ceoil thíosluaite le téama an teaghlaigh, agus is féidir iad a úsáid mar chuid den tseirbhís urnaí ar théama an teaghlaigh agus na seirbhíse, nó iad féin agus na téamaí atá iontu a phlé i gcomhar le bileog oibre 2.

- 'Servant Song' – Bobby Fisher: https://open.spotify.com track/1TzoYagvHQUkHNWo1N3A3u
- 'Lead Me' – Sanctus Real: https://open.spotify.com/track/5E9p9WZsddRWhHYBCRxjCe
- 'Bless the Corners of this House: – Notre Dame Folk Choir: https://open.spotify.com/track/6LJ7LcRdlvv3q0VlMzzVMb
- 'These Hands' – Dave Gunning: https://open.spotify.com/track/63p3mt7015kbuAbHABoLi3
- 'Hands' – Jewel: https://open.spotify.com/track/615auKcis6sGDrHk6UTeog
- 'We Are Family' – Sister Sledge: https://open.spotify.com/track/3lQFZgYuTXP1ukus0z77ol
- 'Teach Your Children' – Crosby, Stills, Nash and Young: https://open.spotify.com/track/29HaKOpeLSYvqdFyEQSRdj

### Urnaí

(Bain úsáid as an bpaidir seo ag tús nó ag deireadh an ranga, nó mar chuid den tseirbhís urnaí)

A Thiarna, is ón teaghlach a tháinig gach aon duine againn.
Cabhraigh linn meas a bheith againn ar an teaghlach.
Cabhraigh linn an grá is an freastal a thabhairt go fial do bhaill an teaghlaigh.
Ní gnách an rud é go mbeadh teaghlach foirfe ann – is cuid de nádúr an duine é go mbeadh fadhbanna againn.
Bímis tuisceanach agus maiteach díreach mar a lorgóimis a leithéidí ó dhaoine eile.
Ní rud éasca é, ach ba mhaith linn go mbeadh an chrógacht ionainn guí a dhéanamh lena chéile.
Bímis foighneach díreach mar a bheimis ag súil leis go mbeadh baill eile an teaghlaigh, foighneach linne. Amen.

## Bileog Oibre 1

1. Cad é an rud is tábhachtaí a bhaineann leis an teaghlach, dar leat?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

2. Abair trí bhealach praiticiúla ina bhféadfá freastal ar an teaghlach a dhéanamh.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

3. Cad é an sórt urnaí theaghlaigh is oiriúnaí do do theaghlach féin?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

4. Conas mar is féidir le do theaghlach féin seirbhís a sholáthar don phobal leathan?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

5. An bhfuil tusa ag cur isteach ar shaol an teaghlaigh ar aon bhealach faoi láthair? Cad is féidir leat a dhéanamh leis an gceist a leigheas?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

6. Conas mar is féidir leis an teaghlach feidhmiú mar '*Eaglais an Tinteáin*?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

## Bileog Oibre 2

Éist leis an amhrán faoin teaghlach agus/nó faoin tseirbhís a sheinneann an t-oide. Freagair na ceisteanna go coinsiasach.

1. Cad é do thuairim faoin amhrán, agus cén fhreagairt phearsanta a thugann tú air?

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

2. Cad atá le rá ag an amhrán faoin teaghlach agus/nó faoin tseirbhís?

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________



## Bileog Oibre 3

Féach ar an PowerPoint mar gheall ar an teaghlach agus tabhair do thuairimí féin faoi na ráitis seo leanas:

1. 'An teaghlach a ghuíonn lena chéile, fanann siad le chéile.' – An tAthair Patrick Peyton

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

2. 'Is radharc roimh ré ar neamh é an teaghlach sona.' - Sir John Bowring

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

3. 'Bímid ag dul sa seans nuair a bhíonn baint againn le teaghlach. Dá mhéad é an grá, sea is mó an chailliúint ... Sin an trádmhalartú atá ann, ach glacaim go fonnmhar leis.' - Brad Pitt

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

4. 'Tugtar uchtach iontach dúinn mar chomhluadar an teaghlaigh, agus ag an am céanna cuirtear éagsúlacht dhlisteanach an duine chun cinn.' – An Pápa Proinsias

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

5. 'Cothaíonn grá an teaghlaigh mé.' - Maya Angelou

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

# Seirbhís Urnaí

## Tosach

Ceol ciúin machnamhach – á sheinm ag na daltaí, ag an oide, nó ar CD/Spotify (m.sh. R*ipples of the Divine le Marie Dunne nó The Quiet le John Michael Talbot*)

## Réamhrá

Tá sé ráite ag an bPápa Proinsias go bhfuil tionchar nach beag ag athruithe sa tsochaí ar shaol an phósta agus ar theaghlaigh ar fud an domhain, agus go bhfuil iliomad géarchéim leanúnacha ag cur brú ar shaol an teaghlaigh. Molann sé mar réiteach ar an scéal, gur ceart athdhearbhú a dhéanamh faoi go bhfuil an teaghlach mar fhoinse den ord cóir sóisialta agus go bhfuil sé mar an t-aonad ríthábhachtach de shochaí an bhráithreachais, ionas go bhféadfaí aire cheart a dhéanamh den domhan mar áit chónaithe choiteann. Caithfimid an brú a bhíonn ar an teaghlach a aithint agus bealaí praiticiúla a aimsiú le maolú a dhéanamh ar an strus a bhíonn ar dhaoine. Caithfidh an phaidreoireacht agus an tseirbhís a bheith ag croílár na n-iarrachtaí praiticiúla seo. Má bhímid ag freastal ar mhaithe leis an teaghlach, beidh ar chumas an teaghlaigh freastal ar mhaithe le leas an phobail leathain.

## An Soiscéal (Lúcás 2:41-51)

Théadh a thuismitheoirí gach bliain go hIarúsailéim i gcóir féile na Cásca. Agus nuair a bhí sé dhá bhliain déag, chuaigh siad suas de réir ghnás na féile; agus nuair a bhí na laethanta caite acu, agus iad ag filleadh, d'fhan an buachaill Íosa in Iarúsailéim ina ndiaidh, gan fhios dá thuismitheoirí. Shíl siad gur ar an gcomplacht a bhí sé, agus ar theacht dóibh siúl aon lae, bhí siad á lorg i measc a ngaolta agus a lucht aitheantais, agus nuair nach bhfuair siad é, chuaigh siad ar ais go hIarúsailéim á lorg. I gcionn trí lá fuair siad sa Teampall é ina shuí i measc na máistrí ag éisteacht leo agus ag cur ceisteanna chucu. Agus bhí alltacht ar chách a bhí ag éisteacht leis mar gheall ar a thuiscint agus ar a fhreagraí. Nuair a chonaic siad é, ghabh iontas iad, agus dúirt a mháthair leis: "A mhic, cad chuige a ndearna tú é seo orainn? Féach, bhí d'athair agus mé féin do do lorg go cráite." Agus dúirt sé leo: "Cad chuige a mbeadh sibh do mo lorg? Nach raibh a fhios agaibh gur i dteach m'Athar nárbh fholáir dom bheith?" Ach níor thuig siad an focal a labhair sé leo. Agus chuaigh sé síos in éineacht leo agus tháinig go Nazarat, agus bhí sé faoina smacht. Agus thaiscigh a mháthair go dílis na nithe seo uile ina croí.

## Deasghnáth

Scaip nótaí Post-it de dhathanna éagsúla ar na daltaí agus iarr orthu ainmneacha na mball teaghlaigh orthu agus iad a chur ar chlár fógraíochta nó a leithéid. Iarr ar na daltaí guí go ciúin ar son na muintire.

## Urnaí dheiridh

A Thiarna, is ón teaghlach a tháinig gach aon duine againn.
Cabhraigh linn meas a bheith againn ar an teaghlach.
Cabhraigh linn an grá is an freastal a thabhairt go fial do bhaill an teaghlaigh.
Ní gnách an rud é go mbeadh teaghlach foirfe ann – is cuid de nádúr an duine é go mbeadh fadhbanna againn.
Bímis tuisceanach agus maiteach díreach mar a lorgóimis a leithéidí ó dhaoine eile.
Ní rud éasca é, ach ba mhaith linn go mbeadh an chrógacht ionainn guí a dhéanamh lena chéile.
Bímis foighneach díreach mar a bheimis ag súil leis go mbeadh baill eile an teaghlaigh, foighneach linne. Amen.